# Preasráiteas don Tuarascáil Chomhairleach ar Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí

Tá athas ar an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) *Tuarascáil Chomhairleach ar an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach* a fhoilsiú inniu, tar éis freagairt ón Aire Oideachais, Norma Foley. Déanann Tuarascáil CNCM taifead agus freagraíonn sí ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara a bailíodh le linn an athbhreithnithe ceithre bliana ar conas a d'fhéadfadh an tSraith Shinsearach a fhorbairt chun freastal ar riachtanais ár ndaoine óga. Cuireann sé bunús láidir faoi athfhorbairt chéimnithe na Sraithe Sinsearaí sna blianta amach romhainn. Leanfaidh CNCM ag obair go dlúth le scoileanna agus le páirtithe leasmhara i rith an phróisis seo, agus é mar chuspóir leis an bhfís athnuaite don tSraith Shinsearach, a chuirtear i láthair sa Tuarascáil Chomhairleach, a chur i gcrích.

Dúirt an tAire Foley: *"Cuirim fáilte mhór roimh Tuarascáil Chomhairleach CNCM agus gabhaim buíochas le comhaltaí na Comhairle as an obair fhairsing atá déanta acu ar Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí le blianta beaga anuas. Tá an plean atá leagtha amach agam inniu d'athchóiriú na Sraithe Sinsearaí treoraithe go mór ag obair an athbhreithnithe seo agus ag an tuarascáil chomhairleach seo."*

Sa Tuarascáil Chomhairleach a bhí mar bhonn eolais faoi phlean an Aire a fógraíodh inniu, leagtar amach cuspóir athnuaite, fís agus treoirphrionsabail don tSraith Shinsearach athfhorbartha, a cheadaíonn do sholúbthacht agus éabhlóid leanúnach. Cuireann sé bunús láidir ar fáil ónar féidir curaclam dinimiciúil a mhúnlú, curaclam a chomhlíonann riachtanais na bhfoghlaimeoirí go léir sa timpeallacht oideachais dhomhanda atá ag athrú de shíor.

Aithníonn an Tuarascáil Chomhairleach príomh-mholtaí le haghaidh athraithe a bheidh ríthábhachtach chun an fhís don tsraith shinsearach athfhorbartha a bhaint amach. Áirítear leo sin:

- Conairí níos solúbtha tríd an tsraith shinsearach a sholáthar do gach scoláire.
- Réimse níos leithne ábhar agus modúl, lena n-áirítear roghanna teicniúla, cruthaitheacha agus gairmoideachais.
- Socruithe measúnaithe agus tuairiscithe níos leithne.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag an Ollamh Mary O'Sullivan, Cathaoirleach CNCM, agus í ag labhairt faoin Tuarascáil Chomhairleach

*"Dhírigh Athbhreithniú na Sraithe Shinsearaí aird ar na nithe a oibríonn agus na nithe a d'fhéadfadh a bheith níos fearr sa tsraith shinsearach atá againn faoi láthair. Chuir an t-athbhreithniú muid ar an eolas faoin ngá atá le níos mó solúbthachta, cuir i gcás an tsolúbthacht a bhí le feiceáil ar fud an oideachais agus muid ag freagairt do ghéarchéim Covid-19. Is mian leis an scoláire sa tSraith Shinsearach roghanna a dhéanamh a fhreagraíonn dá riachtanais agus dá spéiseanna. Agus muid ag cur leis na nithe a oibríonn, cuimseofar an speictream iomlán d'fhoghlaim theicniúil, ghairme, ghairmiúil, chruthaitheach, phearsanta agus acadúil i bplean CNCM le haghaidh athfhorbairt na sraithe sinsearaí. Tá tábhacht le gach scoláire, tá tábhacht lena riachtanais i láthair na huaire agus leis na todhchaíochtaí ilghnéitheacha a bhfuil siad ag iarraidh a bhaint amach i ndiaidh na scolaíochta. Tá an tuairisc seo an-tábhachtach, tá na coinníollacha a chuidíonn leis na hathruithe curaclaim atá amach romhainn tábhachtach freisin. Molaim do gach duine an tuairisc a léamh ina hiomláine agus na féidearthachtaí atá ann dár ndaoine óga a mheas agus iad ag dul i dtaithí ar an gcéim ríthábhachtach seo dá gcuid oideachais".*

Eascraíonn Tuarascáil Chomhairleach go díreach as Athbhreithniú cuimsitheach na Sraithe Shinsearaí (2016 – 2020) de chuid CNCM, inar bailíodh agus inar tiomsaíodh tuairimí múinteoirí, scoláirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí, comhpháirtithe oideachais, taighdeoirí agus na socaí sibhialta níos leithne maidir le cad iad na rudaí ar mhaith leo a chaomhnú ón tsraith shinsearach reatha agus cad iad na rudaí ar mhian leo a athrú. Bhí athbhreithnithe taighde idirnáisiúnta, obair le scoileanna, seimineáir réigiúnacha agus comhairliúchán poiblí leathan mar chuid den phróiseas athbhreithnithe. Bhunaigh CNCM naisc le páirtithe leasmhara, forbróirí curaclaim agus saineolaithe beartais ar oideachais in Éirinn, sa Bhreatain Bheag, san Ísiltír agus san OECD.

Leag Arlene Forster, Príomhfheidhmeannach CNCM, agus í ag ceiliúradh foilsiú na tuarascáil seo, béim ar thiomantas leanúnach na Comhairle do chumarsáid shoiléir agus don obair a dhéanann sí le scoileanna: *"Eiseofar litir agus feasachán chuig gach scoil ag tabhairt achoimre ar an Tuarascáil Chomhairleach, le naisc chuig leaganacha digiteacha den fheasachán agus den tuairisc féin. Tháinig go leor de na moltaí le haghaidh athraithe díreach ó scoileanna agus leanfaimid ag obair go díreach le scoileanna agus muid ag forbairt an Chreata don tSraith Shinsearach céim ar chéim. Ní féidir ach le scoileanna beocht a thabhairt do na hathruithe sin agus a chinntiú go gcoimeádfaimid riachtanais an scoláire i gcroílár athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí"*.

Tá an Chomhairle nua-cheaptha ag súil le teacht le chéile an tseachtain seo chugainn agus le plé a dhéanamh ar phlean an Aire agus í ag tosú ar chlár oibre a ullmhú bunaithe ar an Tuarascáil Chomhairleach agus ar fhógra an Aire Foley inniu.

**Nótaí d'Eagarthóirí**

Tá Tuarascáil Chomhairleach agus an feasachán ag déanamh achoimre ar an Tuarascáil Chomhairleach ar fáil ar líne ag https://www.ncca.ie/athfhorbairtss

Na meáin shóisialta:

Twitter @ncca.ie

Facebook @nccaireland

Instagram ncca_irl

<CRÍOCH>

## Teagmhálacha

Seol aon fhiosrú faoi *Tuarascáil Chomhairleach ar an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach* CNCM chuig Eoghan Ó Neachtain

Ríomhphost: eoghan@heneghan.ie

Uimhir Ghutháin 087 6288030

## Foilseacháin agus Tuairiscí

Upper Secondary Education in Nine Jurisdictions Overview Report (CNCM, 2018)

Student, Teacher and Parent perspectives on senior cycle education (ESRI, 2019)

National Seminar series feedback summary (CNCM, 2019)

Tuarascáil eatramhach ar an athbhreithniú ar oideachas na sraithe sinsearaí (CNCM, 2019)

Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Cáipéis Chomhairliúcháin (CNCM, 2019)

Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairliúcháin (CNCM, 2019)

Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach in Éirinn: Measúnú OECD (OECD, 2020)

Tuarascáil Chomhairleach ar an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach (CNCM, 2021)